Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2023

Na Taibhealaíona

Aonad AS 2:

Imeacht Taibhealaíne a Phleanáil agus a Chur i gCrích

[SPA21]

Le Scrúdú Idir
an Luan 17 Aibreán agus an Aoine 19 Bealtaine 2023

Ábhar Spreagthach Réamheisiúna

Intreoir

Tugann Aonad AS 2 an deis duit imeacht a roghnú a dhéanfaidh tú a phleanáil agus a thaibhiú ina dhiaidh sin. Léireoidh tú do scileanna i do dhisciplín taibhealaíne roghnaithe (ó cheachtar de Thaibhiú nó Léiriú) trí do chuid smaointe a fhíorú go praiticiúil do lucht féachana.

Treoracha

Glacfaidh tú **ceann amháin** de na róil seo a leanas:

- taibheoir (damhsa, dráma nó ceol);
- dearthóir (feisteas, seit);
- cóiréagrafaí/stiúrthóir/stiúrthóir ceoil;
- teicneoir (soilsithe, fuaim); nó
- bainisteoir stáitse.

Oibreoidh tú i ngrúpa a bhfuil idir beirt agus naonúr ann. Ba chóir go mbeadh taibheoir amháin ar a laghad i ngach grúpa. Ní féidir ach **aon** dalta **amháin** i ngach grúpa tabhairt faoi dhisciplín léirithe ar leith. Ba chóir go mairfeadh do thaibhiú grúpa ar feadh **10 nóiméad ar a laghad** do ghrúpaí níos lú agus **gan** a bheith **níos mó ná 40 nóiméad** do ghrúpaí níos mó.

Táirgfidh tú doiciméad tacaíochta ó do chuid nótaí a dhéanfar a chomhlánú faoi choinníollacha rialaithe. Déanfaidh do mhúinteoir maoirseacht ort agus beidh **uasmhéid de dhá uair an chloig** agat leis an obair a chomhlánú. Seolfar seo chuig CCEA faoin dáta a shonraíonn muid.

Ba chóir do na ranna seo a leanas a bheith sa doiciméad tacaíochta seo:

- Roinn 1 – freagairt don ábhar spreagthach réamheisiúna, ar a n-áirítear:

  – achoimre ar do thaighde ar an chomhthéacs shóisialta, chultúrtha agus stairiúil den stíl taibhithe, foirm agus seánra roghnaithe; agus
  – achoimre ar na srianta praiticiúla agus ealaíonta ar:
    scileanna an ghrúpa;
    ionad;
    sprioclucht féachana;
    fad an taibhithe; agus
    costais léiriúcháin.

- Roinn 2 – an t-imeacht taibhealaíne a fhorbairt:

  – athbhreithniú achoimre ar **dhá** imeacht taibhealaíne bheo nó taifeadta ó pheirspictíocht do dhisciplín roghnaithe; agus
  – achoimre ar thástáil i réamhchleachtadh de **dhá** smaoineamh tarraingthe ó d'athbhreithniú ar imeachtaí taibhealaíne beo agus taifeadta.

- Roinn 3

  – réasúnaíocht ar do rogha **d'aon** smaoineamh **amháin** a chuir tú i bhfeidhm agus tú ag cur an imeachta taibhealaíne i gcrích;
  – luacháil ar an dóigh ar chuir do chuid smaointe féin agus smaointe daoine eile leis an imeacht taibhealaíne; agus
  – ráiteas ag ceangal do thaithí as a bheith ag obair ar an imeacht le deiseanna fostaíochta i dtionscal na dtaibhealaíon.

Tá **teorainneacha focal** mar a leanas:
Roinn 1 – uasmhéid de 600 focal.
Roinn 2 – uasmhéid de 1200 focal.
Roinn 3 – uasmhéid de 600 focal.

Caithfidh gach grúpa Bileog Taifeadta Scrúdaithe a chur isteach chuig CCEA: Taifead de Shonraí Taibhithe faoin spriocdháta shainithe.

Nuair a dhéanfaidh tú an t-imeacht taibhealaíne s'agat a chur i gcrích ar lá an scrúdaithe phraiticiúil, measúnófar thú ar **cheann amháin** acu seo a leanas:

Taibhiú
- do thaibhiú i ndamhsa, dráma nó ceol **(íosmhéid de 5 nóiméad do gach iarrthóir)**.

nó

Léiriú
- do chur i láthair ar smaointe léirithe **(idir 5 agus 10 nóiméad do gach iarrthóir)** agus cur i gcrích do dhisciplín roghnaithe le linn an imeachta taibhealaíne.

Caithfidh **gach** iarrthóir bualadh leis an scrúdaitheoir sheachtrach roimh an taibhiú agus bheith i láthair le linn an taibhithe.

Caithfidh iarrthóirí a gcuid smaointe léiriúcháin a chur i láthair don scrúdaitheoir sheachtrach roimh an taibhiú.

Caithfear do thaibhiú/chur i láthair a thaifeadadh. Ag tús do thaibhithe/chur i láthair caithfidh tú tú féin a chur in aithne le d'ainm, uimhir iarrthóra agus uimhir lárionaid.

Measúnú

Measúnófar thú ar do dhoiciméad tacaíochta indibhidiúil agus ar an méid a chuir tú leis an taibhiú deiridh trí:

- d'eolas agus tuiscint ar thionscal na dtaibhealaíon (CM1);
- na scileanna agus teicnící atá faighte agat (CM2);
- an dóigh ar chuir tú na scileanna agus na teicnící s'agat i bhfeidhm (CM3); agus
- d'anailís agus do luacháil ar do chleachtadh agus smaointe féin agus ar chleachtadh agus smaointe daoine eile (CM4).

Measúnófar thú fosta ar chaighdeán do chumarsáide scríofa.

Déanann seo tagairt do do chumas:

- le húsáid chruinn litrithe, poncaíochta agus gramadaí a chinntiú ionas go mbeadh an chiall soiléir;
- le foirm agus stíl scríbhneoireachta chuí a roghnú agus a úsáid; agus
- le hábhar ábhartha a eagrú go soiléir agus go comhleanúnach, agus sainstór focal a úsáid de réir mar is cuí.

Is féidir le gach cumarsáid scríofa a bheith lámhscríofa nó déanta ar phróiseálaí focal agus úsáid a bhaint as Arial, clómhéid 12 agus spásáil aon líne ar pháipéar A4.

Is é **80** an marc iomlán don Aonad seo.

Tá an leithdháileadh marcanna mar seo a leanas:

- CM1 – 8 marc
- CM2 – 32 marc
- CM3 – 32 marc
- CM4 – 8 marc

AS 2: Imeacht Taibhealaíne a Phleanáil agus a Chur i gCrích

Iarrtar ort imeacht taibhealaíne a léiriú a spreagann lucht féachana agus a thugann orthu meabhrú ar:

an téama "Ádh".

Ní mór duit spás taibhithe cuí a roghnú atá mór go leor faoi choinne an scrúdaithe. Ní gá go mbeadh sé ina ghnáthionad amharclainne nó damhsa/ceoil. D'fhéadfaí, mar shampla, gur spás i dteach nó spás suíomhoiriúnaithe é.

Ní mór duit cinneadh a dhéanamh ar an sprioclucht féachana don taibhiú.